V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11016 — AIR LIQUIDE / ADP / JV)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 142/12)

1. An 17 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Aéroports de Paris S.A. ("ADP", an Fhrainc),

— Air Liquide S.A. ("Air Liquide", an Fhrainc),

— JV (an Fhrainc).

Gheobhaidh APD agus Air Liquide rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ADP freagrach as aerfoirt Paris-Charles de Gaulle, Paris-Orly, Paris-Le Bourget, agus roinnt aerfoirt shibhialta atá lonnaithe i réigiún Île-de-France, a fhorbairt, a oibriú agus a leathnú. Tá ADP gníomhach freisin i seirbhísí innealtóireachta agus comhairliúcháin teicniúil a chur ar fáil don earnáil aerfort agus i seirbhísí oibríochtaí tacaíochta aerfoirt agus innealtóireachta a chur ar fáil,

— Tá Air Liquide gníomhach i ngáis thionsclaíocha, teicneolaíochtaí agus seirbhísí a úsáidtear san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil sláinte.

3. Is iad na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an JV seirbhísí innealtóireachta a chur ar fáil d'aerfoirt le haghaidh a dtionscadal hidrigin a chomhtháthú ina mbonneagair. Ar na seirbhísí innealtóireachta sin beidh staidéir réamhinnealtóireachta, réamhfhéidearthachta agus innealtóireachta, agus cúnamh a thabhairt do chliaint lena dtionscadail tógála, úinéireachta agus oibriúcháin i ndáil le bonneagair aerfoirt atá dírithe ar hidrigin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11016 — AIR LIQUIDE / ADP / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.